

# Léitheoireacht

## Réamhléitheoireacht

1. Labhair le na páistí faoin gclúdach, pictiúr, údar agus araile
2. Tabhair deis do na páistí an scéal a thomhais ó na pictiúir.
3. Múin na focail/frásaí nua
  - a. Féach agus abair a úsáid
  - b. Foghraíocht a úsáid
  - c. Cluiche kim/ 'cad a thóg mé?' le na focail/frásaí nua a imirt
  - d. Cluiche cuimhne a imirt
4. Eolas a bhailiú ó na páistí (brainstorming)
5. Súil tapa ar an scéal
  - a. Cé mhéad alt atá le léamh?
  - b. Píoc amach na focail i gcló trom/le ceannlitreacha
6. Spléachadh ar an téacs
  - a. Píoc amach agus cuir líne faoin gcaint dhíreach
  - b. Píoc amach agus cuir líne faoi na ceisteanna.



## Tréimhse Léitheoireachta

1. Léigh an scéal iomlán – múinteoir ag léamh **do** na páistí, ansin múinteoir ag léamh **le** na páistí agus ar deireadh na páistí **ag** léamh.
2. Roghnaigh aisteoirí chun línte na gcarachtar a léamh. Cuirtear mím leis an téacs. Aithrítear na haisteoirí agus léitear an scéal trí nó ceithre h-uair.
3. Roinn an rang i ngrúpaí agus léigh an scéal i bhfoirm dráma raidió.
4. Iarr ar na páistí an scéal a léamh go ciúin agus líne a chur faoi na focail/frásaí nua
5. Iarr ar na páistí codanna den scéal a léamh ag fágáil fuaimne consain tosaigh éigin amach  
mar shampla Chuaigh Seán ag snámh gan an fhuaim 's' a rá.
6. Iarr ar na páistí codanna den scéal a léamh na gutaí fada le na gutaí fada fágtha



amach.

### Iarléitheoireacht

1. Bailigh aon eolas breise atá faighte ag na páistí.
2. Athchruthú abairte (Bhí Pól amuigh sa chlós – Bhí Mamáí amuigh sa ghairdín)
3. Fogharluach na litreach – Liosta focail a thosú le \_\_\_\_\_. Cuir na focail i gcatagóirí (P nó P séimhithe)
4. Cluiche “Hangman” a imirt le na focail ón scéal
5. Cuardachfocail a dhéanamh le focail ón scéal
6. Cum abairt nua leis na frásaí nua ón scéal
7. Scríobh amach na línte díreacha ar an gclár dubh agus deán agallamh beirte leo.
8. Cum cartún den scéal le béim ar an gcaint dhíreach (ag úsáid bolgáin cainte)

